



## Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas

Ar chlár na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas tarlaíonn socrúchán gairmiúil thar tréimhse de dhá bhliain agus lonnaítear an seomra ranga agus an scoil mar áiteanna ina bhfoghlaímíonn an mac léinn conas tabhairt faoi theagasc agus mar áiteanna ina bhfoghlaímíonn siad faoin teagasc. Eagraítear an Socrúchán Gairmiúil gach seimeastar den Chéad Bhliain mar a mhínítear anseo thíos:

### Socrúcháin Scoile Bliain 1

#### Socrúchán Scoile 1 – Mí na Samhna - Mí na Nollag 2019

- Socrúchán le páirtneir (beirt i ngach rang) sna Meán-ranganna (R1 – R4)
- 25 Mí na Samhna – 6 Mí na Nollag (lá cuairte 18ú Samhain)
- Fócas an tsocrúcháin: *tús a chur le teagasc* – méadú de réir a chéile ar ualach teagaisc, múinfidh gach mac léinn 2/3 ceacht in aghaidh an lae
- Múinfidh mic léinn réimse d'ábhair an churaclaim
- Feitheoir ón gColáiste le cuairt a thabhairt ar mhic léinn ar socrúchán agus iad a mheas (modúl – pas/teip)
- Múinteoir ranga mar mheantóir neamhfhoirmiúil agus cuirtear comhairle ó bhéal/aiseolas ar fáil do mhic léinn

#### Sochrúcháin Scoile 2: Dé Luain 6 Aibreán – 22 Bealtaine, 2020

- Socrúchán sé seachtaine
- Faigheann na mic léinn rang chuige seo; a rogha ranga idir Rang 3 agus Rang 6
- Socrúchán aonair – gan páirtneir
- Is meascán de theagasc uile-ranga le rang roghnaithe ar feadh tréimhse trí seachtaine mar aon le rannpháirtíocht níos struchtúrtha i dtionscnamh teagasc agus foghlama sa scoil trí chéile atá i gceist
- **Sceideal Teagaisc :**
  - Seachtain 1 : Seachtain Ullmhúcháin neamhspleách
  - Seachtain 2 & 3: Ag breathnóireacht, ag plé leis an múinteoir agus mar chuntóir ranga agus ag obair timpeall na scoile
  - Seachtain 4 - 6 : Mic léinn ag múineadh ar feadh an lae
- **Fócas an Teagaisc**
  - An curaclam** ar fad á mhúineadh ag na mic léinn (treoir an mhúinteora faoi toipicí a leanúint)
- **Ról an Mhúinteora Ranga**
  - Múinteoir ranga** mar mheantóir neamhfhoirmiúil agus cuirtear comhairle ó bhéal/aiseolas ar fáil do mhic léinn
- **Feitheoir ón gColáiste** le cuairt a thabhairt ar mhic léinn agus iad a mheas (modúl – A1 - F)

**Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach**